Carghas 2024

Is séasúr an-tábhachtach é an Carghas san fhéilire Liotúirgeach Críostaí **. Tagann an t-ainm Carghas ón seanfhocal Béarla a chiallaíonn "*Séasúr an Earraigh*".

Cén uair a bhíonn an Carghas ann?

Tá 40 lá sa Charghas, a thosaíonn ar Chéadaoin an Luaithrigh (14iú Feabhra i mbliana) agus a chríochnaíonn ar Shatharn Cásca (30iu de Mhárta) I mbliana. Is lá troscadh é Céadaoin an Luaithrigh, nuair a iarrtar orainn gan a ithe ach béile mór amháin agus 2 bhéile éádrom agus staonadh ó fheoil. Comhlíonann an chuid is mó de na sainaicmí creidimh -Caitlicigh, Anglacánaigh, Meitidistigh, Liútaraigh &rl- an Carghas. Cuireann an 40 lá i gcuimhne dúinn an 40 lá a chaith Íosa ag troscadh san fhásach.

Céard atá i gceist leis an gCarghas?

San am a caitheadh, *ba laethanta troscadh agus tréanais* iad na 40 lá den Charghas (iarradh ar dhaoine gan aon fheoil a ithe ar na laethanta seo). Sa lá atá inniu ann, is amhlaidh a "staonann" duine ó rud éigin a bhfuil dúil mhór acu ann ar feadh 40 lá an Charghais. Staonann roinnt daoine ó mhilseáin, seacláid, toitíní, alcól nó gan an oiread ama a chaitheamh ag féachaint ar an teilifís nó ar na meáin shóisialta &rl. Cibé rud a roghnaíonn tú, ba chóir go mbeadh sé dúshlánach agus go gcabhródh sé leat machnamh a dhéanamh ar na daoine ar fad atá ar an ngann chuid agus a bhfuil i bhfad níos lú acu ná mar atá againne. Tugann a lán daoine síntús do Trócaire, carthanacht de chuid na heaglaise Chaitlicigh a chabhraíonn le daoine atá ag streachailt leis an mbochtanas i dTíortha an Tríú Domhan.

Fíricí Faoin gCarghas

*Tugtar Máirt na hInide ar an lá roimh Chéadaoin an Luaithrigh. San am a caitheadh, d'úsáid na daoine na bianna milse ar fad a bhí acu ar an lá seo chun iad féin a réiteach do laethanta troscadh an Charghais a bhí rompu amach. Mar cheiliúradh, rinne daoine pancóga ar an lá seo agus is mar gheall ar seo a tugtar "Máirt na bPancóga" air freisin.

* Caitheann an sagart éide corcra le linn na nAifreann sa Charghas. Is é seo an dath a chaitear le linn na hAidbhinte freisin. Is comhartha aithrí é seo-taispeánann sé go bhfuil brón orainn faoi na rudaí atá déanta as bealach againn.

*Léiríonn an dath corcra, freisin, an méid a d'fhulaing Íosa nuair a céasadh ar an gcros é agus chomh maith leis sin déanann sé ceiliúradh ar a Aiséirí de bhrí gur dath é léiríonn ríogacht agus maorgacht.

* Tugann a lán daoine cuairt ar an séipéal le linn 40 lá an Charghais agus déanann siad turas na Croise. Léiríonn siad seo aistear Íosa agus é ag iompar na croise ar Aoine an Chéasta.

*Tugtar *an tSeachtain Naofa* nó *an tSeachtain Mhór* ar an tseachtain dheireanach den Charghas agus tugtar an *Triduum (an Tréan*) ar Dhéardaoin Naofa, Aoine an Chéasta agus Satharn Cásca-na 3 lá deireanach de shaol Íosa ar an saol seo.

Ní bhíonn dátaí an Charghais, Céadaoin an Luaithrigh ná Domhnach Cásca mar a chéile gach bliain. Deirtear gurb iad na manaí ársa Éireannacha a shocraigh an dáta don Cháisc sa 7ú aois. Titeann Domhnach Cásca (31iú lá de Mhárta i mbliana) ar an gcéad Dhomhnach tar éis an chéad lán gealaigh, tar éis Cónocht (Equinox) an Earraigh (20ú Márta, 2024)

**Féach ar shuíomh idirlíon na deoise ag www.tuamarchdiocese.org chun cóip de agus eolas a fháil faoin bhféilire liotúirgeach (Resources section)*